NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10555 — ADIA / TRANSURBAN / AUSTRALIANSUPER / CPP INVESTMENTS / WCX)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 31/06)

1. An 14 Eanáir 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Tawreed Investments Limited ("Tawreed", Oileáin Cayman), faoi rialú Abu Dhabi Investment Authority ("ADIA", UAE),

— AustralianSuper Pty Ltd ("AustralianSuper", an Astráil),

— Transurban Holdings Limited ("Transurban", an Astráil),

— Canada Pension Plan Investment Board ("CPP Investments", Ceanada),

— WestConnex ("WCX", An Astráil).

Faigheann Tawreed, AustralianSuper, Transurban agus CPP Investments rialú comhpháirteach ar WCX, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin conartha nó aon mhodh eile.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás Tawreed: cuideachta infheistíochta a bhainistíonn punann infheistíochta domhanda agus a dhíríonn ar shócmhainní bonneagair,

— i gcás AustralianSuper: ciste pinsin lena gcumhdaítear cuideachtaí in earnálacha éagsúla,

— i gcás Trasuirbeach: oibreoir dola-bhóithre a bhainistíonn agus a fhorbraíonn gréasáin dola-bhóithre uirbeacha san Astráil, i gCeanada agus sna Stáit Aontaithe,

— i gcás ICPP Investments: eagraíocht bainistíochta infheistíochta,

— i gcás WCX: dola-bhóithre san Astráil a fhorbairt, a chothabháil, a oibriú agus a mhargú.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10555 — ADIA / TRANSURBAN / AUSTRALIANSUPER / CPP INVESTMENTS / WCX

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË